Glór Cheatharlach

Scoileanna lán-bhuachaillí in iomaíocht do chorn ghlór na ngael

CHUIR na cluichí peile idir scoileanna lán-bhuachaillí an tseachtain seo caite críoch le comórtais Chorn Ghlór na nGael 2012. Bhí foirne ó Scoil Naomh Bríd Muinebheag, Scoil an Easpaig Uí Fhoghlú agus Scoil an Teaghlaigh Naofa Easca in iomaíocht le buachaillí an Easpaig Uí Fhoghlú ag súil go leanfadh an traidisiún iontach atá acu sa chomórtas áirithe seo. Bhí orthu buachaillí Mhuinebheag a imirt sa chéad chluiche agus chuireadar tús iontach leis an gcluiche agus iad ábalta cúpla scór a fháil gan mhoill. Thaispeáin Ben Ó Dúrthuile a scileanna peile agus é ag reachtáil suas 1-3 cé go ndearna Maitiú Ó Curreáin a dhícheall ins na cúlaithe do Mhuinebheag.
Bhí Scoil Easpaig Uí Fhoghlú ro-láidir agus le cúl álainn ó Robert Ó Neachtair bhuaigh siad an cluiche go heasca le 4-4 go dtí 0-1.
Gan mhoill bhí seans ag Muinebheag bua a chlárú sa chomórtas le cluiche i gcoinne Scoil an Teaghlaigh Naofa Easca. Thosaigh an cluiche ar luas lasrach nuair a fuair Luke Ó Ceallaigh cúl do Mhuinebheag. D'oibrigh Mike Ó Muiris go dian ar fud na páirce do Easca agus bhí Richie Ó Faoláin dainséarach sa líne lán tosaigh ach choiméad Adam Ó Nualláin súil géar air. Cúl amháin a bhí idir na foirne ag leath ama agus nuair a fuair Cian Ó Cléirigh cúl go luath tar éis an bhriseadh bhíodar ar chomh scór.
Bhí an cuma ar an gcluiche go raibh sé chun dul i dtreo Easca go dtí go bhfuair Muinebheag an dara cúl. Rinne Brian Mac an Fhailí chuile rud sa chúl le cinntiú go mbeadh an bua ag Muinebheag agus chríochnaigh an cluiche suas le 2-2 dóibh go dtí 1-2 do bhuachaillí Easca.
Sa chluiche deireannach den tráthnóna d'imir foireann Scoil Easpaig Uí Fhoghlú agus Scoil an Teaghlaigh Naofa. Le peileadóirí den scoth le feiceáil sa chluiche seo, bhí David Ó Donnchaidh go hiontach ins na cúlaithe agus thaispeáin James Esser go bhfuil sé lán ábalta scór a thógáil fiú agus é faoi bhrú. Chabhraigh Ben Ó Dúrthuile chun Scoil Easpaig Uí Fhoghlú a chur chun tosaigh le 1-2 go dtí 0-0. Fós lean Cian Ó Cléirigh ag obair go crua agus choiméad sé Easca istigh sa chluiche le cúl iontach dhá nóiméad ón deireadh. Bhí Scoil Easpaig Uí Fhoghlú faoi bhrú ach choinnigh siad leis agus bhí an bua acu ar scórlíne 1-2 go dtí 1-0.
Agus peil shimplí thapaidh á imirt acu, bhuaigh Scoil Easpaig Uí Fhoghlú Corn Ghlór na nGael do bhliain eile agus é tuillte go maith acu. Bhronn Eoghan de Rút, peileadóir le foireann sinsear Cheatharlach, an corn ar an gcaptaen buach Leven Serafim. Ghabh Bríde de Róiste, thar cheann Ghlór Cheatharlach, buíochas leis na himreoirí, múinteoirí agus tuismitheoirí go léir a ghlac páirt i gcomórtais uile Chorn Ghlór na nGael na bliana 2012. Bhí focail buíochais speisialta aici do réiteoirí na gcluichí, Seán Ó Ciaráin agus Breandán Ó hÉideáin, chomh maith le bainistíocht Éire Óg as a gcuid áiseanna iontacha a chur ar fáil le deamhéin croíúil.

Eoghan de Rút ag bronnadh Corn Ghlór na nGael ar fhoireann an Easpaig Uí Fhoghlú

Ciorcal Gaeidhlige na hAlban le tosú i gCeatharlach

TÁ an-áthas ar Ghlór Cheatharlach a fhógairt go mbunofar Ciorcal Gaeidhlige na hAlban i gCeatharlach. Tógadh an cinneadh seo de thoradh na gceardlann teangan a eagraiodh i rith na féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach i gCeatharlach um Cháisc. Tugadh le fios do Ghlór Cheatharlach go bhféadfadh éileamh a bheith ar a leithéid agus mar sin tionólfar an chéad Chiorcal Gaidhlige ar an Aoine, 15ú Meitheamh, ag 11.00r.n. i mbialann Lennon @ Visual. Iarrtar ar chainteoirí agus ar fhoghlaimeoirí na teangan tacú leis an tionscnamh seo.
Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach glaoch ar 059 9158105 nó 085 1340047 nó bualadh isteach chuig Lennons ar an Aoine le haghaidh caife na maidine agus comhrá gaidhlige. Cuirfear fáilte roimh chách.

Páistí gnóthach i Naíonra Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Naíonraí Cheatharlach

AG druidim le deireadh scoilbhliana eile ag gach leibhéal den oideachas ó réamhscolaíocht go bunscolaíocht, iarbhunscolaíocht go tríú leibhéal ní foláir tosú ag réiteach gan mhoill don chéad scoilbhliain eile. Sin mar atá ag Naíonraí Cheatharlach agus clárú faoi lán seoil do Mhí Mheán Fómhair. Tá dhá naíonra i mbaile Cheatharlach agus tá roinnt áiteanna iontu don téarma nua. Tá naíonra amháin lonnaithe i nGráig Chuilinn agus an ceann eile in Ionad Phobail Tinteán, Cois na Coille, Pollerton.
Soláthraíonn Naíonraí Cheatharlach an bhliain réamhscoile saor in aisce faoin Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige nó ECCE. De réir na scéime áirithe seo cuirtear bliain réamhoideachais ar fáil saor do gach páiste sar a fhreastalaíonn sé/sí ar an mbunscoil. Faoi stiúir na stiúrthóirí cáilithe sa naíonra foghlaimíonn an páiste an Ghaeilge go nádúrtha i dtimpeallacht chairdiúil. Tugann sé seo deis don pháiste an dara teanga a shealbhú trí mhódh an tsúgartha agus is é seo an cur chuige is oiriúnaí mar mhódh foghlama do pháistí óga. Is buntáiste iontach é seo don pháiste roimh dhul ar aghaidh chuig bunscoil ar bith gan trácht ar bhunscoil trí mheán na Gaeilge. Tá sé cruthaithe go mbíonn éifeacht dearfach ar chumas páiste foghlaim má bhíonn an dara teanga aige nó aici ag aois an-óg. Chomh maith leis an nGaeilge bíonn gach deis curtha ar fáil ag foireann an naíonra chun forbairt iomlán an pháiste idir fhorbairt fhisiciúil, intleachtúil,chr uthaitheach, aeisteitiúil, shóisialta, mhothúchánach agus teanga a chur i gcrích.
Bunaíodh Naíonra Cheatharlach chomh fada siar le 1980 faoi threoir an Chomhchoiste Réamhscolaíochta agus thar breis is tríocha bliain tá na céadta páiste tar éis a gcéad bhlaiseadh den Ghaeilge a fháil i dtimpeallacht dearfa agus spraiúil na naíonraí. Chun tuilleadh eolais a fháil nó chun áit a chur in áirithe is féidir dul i dteagmháil le Lorraine i Naíonra Ghráig Chuilinn ar 085 7377041, Ursula i Naíonra Tinteán ar 086 8835103 nó le Glór Cheatharlach ar 059 9158105.

Aughrim

CONTACT: NED MURPHY
PHONE/FAX: 0402 36433

AUGHRIM photographer Miley Carroll, Main Street, has a number of awards from the Strawberry Festival in Enniscorthy. Miley was awarded first prize for overall best image in the senior advanced section and was presented with a certificate and gold medal. Well done, Myles.

WEDDING
The marriage has taken place of James O'Toole, Joe O'Toole's pub, Aughrim, son of Joe and Joan O'Toole and Sinead Kavanagh, daughter of Tom and Ann Kavanagh, Arklow Road, Aughrim in the Church of the Sacred Heart, Aughrim. Chief celebrant was Msgr Brendan Byrne, Adm Kildare and Leighlin, assisted by Fr Barry, Adm Aughrim and Fr J Hammell, PP, Annacurra. A reception was held in Mount Wolseley Hotel, Tullow.
Best wishes are extended to Joe O'Toole, who was hospitalised prior to the wedding.

FASHION SHOW
Aughrim Sacred Heart National School is holding a fashion show in the sports complex on Wednesday 13 June at 8pm.

Dear diary . . . today I was runner-up . . .

CONGRATULATIONS to Emmet Lawlor, Ballyroughan, a fifth class pupil in Borris NS, who was runner-up in a prestigious *Dear diary* letter writing competition recently. The competition was open to fifth and sixth class students nationwide. Out of the thousands of entries, Emmet's letter was chosen for publication in the 2012 *Dear Grace* book. The book is now available at most bookshops. Well done Emmet, a great achievement.

Borris

CONTACT: BRIDGET DALTON AT THE CRISP CENTRE
TEL: 059 9771899

COMPUTER CLASSES IN CRISP
We have been running internet courses for complete beginners since the end of 2011, through the governments *Benefit 3* programme and if you didn't avail of the training before now, it is still not too late. The total cost is €10 for ten hour' instruction over five weeks. Course starts on Tuesday 19 June from 10am to noon. To reserve a place, drop in to the CRISP Centre, Main Street or phone 059 9771899. We are open Monday to Friday, 9.30am to 5.30pm; Wednesday, 9.30am to 7pm.

BALLYMURPHY HALL COMMITTEE
Split the pot results on 4 June: 1, Katie and Ella Murphy €240; 2, Laurence and JJ Culleton €20; 3, Yvonne Flood €20. Thank you for your continued support. The next draw will take place on Sunday night 17 June in the Hilltop bar at 10pm.